- 046

M 86T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉARACHTA, 2002

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe i dtrí ghrúpa mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
  Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith**, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de an trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

## Grúpa I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1.** **An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) "Agus maidir le mo thuairiscí fíorasacha ar eachtraí an chogaidh, bhí sé i gcónaí ina phrionsabal agam gan an chéad scéal a tháinig i mo threo a scríobh amach…."
[Túicidéas, *Stair an Chogaidh Pheilipinsigh*]

(a) Cérbh iad na módhanna a bhí ag Túicididéas d'fhonn teacht ar chuntas chruinn de Chogadh na Peilipinéise? (25)

(b) Cén cur chuige a bhí aige maidir le hóráidí na ndaoine a bhí páirteach i gCogadh na Peilipinéise a aithris? (25)

(ii) (a) Díreach sara bhris Cogadh na Peilipinéise amach, cén fáth gur mhian le Corcyra a bheith ina comhghuaillí leis an Aithin? (15)

(b) Cérbh iad na príomhargóintí in úsáid ag muintir Chorcya chun go nglacfadh muintir na hAithne leo ina gcomhghuaillithe? (25)

(c) Cén socrú a rinne muintir na hAithne maidir leis an cheist seo? (10)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar an slí inar chloígh Brasidas ar Chleon agus ar arm na hAithne ag cath Amphipolis sa bhliain 422 R.Ch. (40)

(b) Cén tuairim a bheadh agatsa faoi cheannasaíocht Chleon sa chath sin? (10)

(iv) (a) Innis conas mar a fuair Nicias, ginearál na hAithne ag Syracusa, bás. (25)

(b) Céard a tharla do shaighdiúirí na hAithne a gabhadh ina bpríosúnaigh, tar éis a gcloíte deiridh ag Syracusa? (25)

---

**Topaic 2.** **Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Sa bhliain 328 R.Ch. mharbhaigh Alastar duine dá chairde ba mhó, Clítus.

(a) Innis caidé mar a tharla gur mharbhaigh sé é. (35)

(b) Cé acu den bheirt ba mhó a bhí ciontach, dar leatsa, san eachtra seo: Alastar nó Clítus? Tabhair fáthanna le do fhreagra. (15)

(ii) "Anois a bheartaigh Alastar fáil réidh lena chabhlach." (Arrian, *Feachtais Alastair*)

(a) Cérbh iad na fáthanna a bhí ag Alastar fáil réidh lena chabhlach? (20)

(b) Gan cabhlach aige fhéin, cén plean a bhí ag Alastar chun cabhlach na Peirse a chloí? (30)

(iii) "Imigí libh mar is toil libh féin; ní chuirfidh mise cosc oraibh. Ach más amhlaidh gur gá daoibh imeacht, tuigeadh sibh an méid seo – a bhfuil déanta agamsa ar bhúr son…"
(Arrian, *Feachtais Alastair*)

Ba leis na briathra sin a thosaigh Alastar óráid lena fhearaibh ag Opis, tar éis dóibh diúltú go feargach a dhul ag cogaíocht a thuilleadh.

Innis go beacht céard a bhí déanta ar son arm na Macadóine ag a athair Pilib **agus** aige féin, dar le hAlastar. (50)

(iv) (a) Cé go raibh Porus, an rí Indiach, i láthair ar an bhruach eile, conas mar a d'éirigh le hAlastar a dhul trasna abhann na Hydaspes? (30)

(b) Tabhair cuntas ar céard a tharla i rith an chatha a lean. (20)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) "…ar a bhealach abhaile ghabh cuid des na foghlaithe é óir bhí siad i gceannas na mara ag an am, in aice le hoileán Pharmacusa. (Plútarc, *Beatha Chaesair*)

(a) Innis céard a tharla nuair a gabhadh Iúl Caesar ag na foghlaithe mara. (40)

(b) Cén léiriú a thugann an eachtra seo ar thréithe Chaesair? (10)

(ii) (a) Dar le Sallast, cén chuma a bhí ar an Róimh "sa seansaol íontach"? (25)

(b) Dar le Sallast, céard is cúis le fadhbanna na Róimhe lena linn fhéin? (25)

(iii) Ón mhéid des *Na Saolta* le Plútarc dá bhfuil léite agat, cén ginearál ab fhearr dar leat: Poimpéas nó Caesar? Bíodh fáthanna le do rogha. (50)

(iv) Scríobh Ciceark litir chuig a chara Atticus inar thug sé léargas ar caidé mar a bhí i gcursaí phósta Quintus, driotháir Chicearó, agus Pomponia, driofúir Atticus.

(a) Innis go beacht, a bhfuil le rá ag Cicearó faoi mar atá maidir leis an phósadh úd. (40)

(b) Dar le Cicearó, cé atá ciontach maidir leis na fadhbanna sa phósadh? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Ní raibh ach leanbh amháin, a iníon Iúlia, ag an Impire Ágastas.

(a) Tabhair cuntas ar bheatha agus ar bhás Iúlia. (40)

(b) Dar leatsa, caidé mar a chaith a hathair Ágastas léi? (10)

(ii) (a) Le linn a réimeas mar impire céard a rinne Ágastas chun cathair níós áille a dhéanamh den Róimh? (30)

(b) Céard a rinne sé d'fhonn áit níos sábháilte don duine a dhéanamh den Róimh? (20)

(iii) Tá cuntas ag Tacatas ar cheannaircí a bhris amach imeasc na léigiún sa Phannóin agus sa Ghearmáin i dtús réimeas Thibéiriais. Dar le Tacatas, cérbh iad na fáthanna a bhí le ceannairc na saighdiúirí ag an am? (50)

(iv) (a) Innis go beacht na cúinsí a bhain le bás Ghermanicus. (35)

(b) Tabhair míniú gearr ar an bhaint a bhí ag Piso leis an eachtra uilig. (15)

---

## Grúpa II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5.** **An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sófaicléas, cén fhianaise atá le fáil, dar leat, gur dhuine taghdach teasaí é Éideapús féin? (50)

(ii) (a) Sa dráma *Méidia* le hEoiripidéas, cén chúis dar le Créon, rí na Corainte, go gcaithfear Méidia amach as an Choraint gan mhoill? (25)

(b) Conas mar a mheallann Méidia Créon cead a thabhairt di fanacht le lá amháin eile? (25)

(iii) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sófaicléas, cé hiad na fáthanna a thugann Éideapús go ndallann sé é féin? (30)

(b) Agus é dall agus ar a shlí ar imirce, cén fáth go bhfuil imní ar Éideapús maidir le céard tá i ndán dá bheirt iníon bheag? (20)

(iv) Sa dráma *Méidia* le hEoiripidéas, an n-aontófá gur duine é Iasón nach maith leis na mná ar chor ar bith, agus go bhfuil dearcadh aige nach bhfuil iontu ach caoi chun nithe níos tábhachtaí dar leis a ghnóthú? (50)

---

**Topaic 6.** **An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) "Is ansin a tháinig Eurycleia chuig a máistir agus thosaigh á ní." (*Odaisé*, Leabhar 19)

(a) Innis conas mar a fuair an cailín aimsire seanda amach gurb é a bhí sa bhacach ná a máistir Odaiséas, a bhí ar strae le fada. (30)

(b) Innis go beacht caidé mar a tharla colm ar uachtar a choise ag Odaiséas. (20)

(ii) (a) San *Aeinéid* le Veirgil, Leabhar 2, cén comhairle a thug an sagart Laocoön do mhuintir na Traí maidir le Capall an Adhmaid? (15)

(b) Céard a rinne Laocoön do Chapall an Adhmaid? (10)

(c) Innis conas mar a básaíodh Laocoön go gairid ina dhiaidh sin. (25)

(iii) "Is amhlaidh gur mar sin a tháinig Odaiséas uasal ag lámhachán amach as na toim." (*Odaisé*, Leabhar 6)

(a) Innis conas mar a bhí ag Odaiséas nuair a tháinig sé amach as na toim nó gur bhuail sé le Nausicaa. (15)

(b) Innis go beacht céard a bhí le rá ag Odaiséas le Nausicaa an tráth úd. (35)

(iv) (a) Cén fáth gur leasc le hOdaiséas bualadh le hoileán Dhia na Gréine? (10)

(b) Tabhair cuntas ar ar tharla nuair a tháinig Odaiséas agus a chuid fhear i dtír ar oileán Dhia na Gréine. (30)

(c) Céard a tharla de bharr iompar chuid fhear Odaiséis ar an oileán? (10)

---

**Topaic 7.** **Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) " Bhí Cacus leath-dhuine, b'uafásach an chuma a bhí air,
Ina chónaí san uaimh úd." (Veirgil, *Aeinéid,* Leabhar 8)

(a) Conas mar a tharla gur chuir Cacus fearg ar Earcail, agus conas mar a choinighsé a choir i ngan fhios? (20)

(b) Innis conas mar a fuair Earcail an lámh in uachtar ar Chacus. (20)

(c) Caidé mar ghraenn atá sa scéal seo, dar leatsa? (10)

(ii) "Fán am sin bhí an Róimh láidir go leor chun seasamh as chogadh i gcoinne na náisiún ina cóngar; ach cheal na mban bhí an dealramh ann nach mairfeadh a glóir ach le glúin amháin." (Livias, *Na Mná Saibíneacha*)

(a) Innis conas mar a d'éirigh le Romalas mná chéile a fháil dos na Rómhánaigh. (40)

(b) Maidir le stádas na mban imeasc na Rómhánach, céard tá le foghlaim ó na geallúintí tugtha do na mná Saibíneacha ag Romalas? (10)

(iii) Pléigh an tuairim, maidir leis na dánta grá le Propertius, go léiríonn an file a dhíocas agus a éad. (50)

(iv) Ins na dánta ar do chursa, cén dearcadh a léiríonn Horáit maidir leis an bheatha agus leis an bhás? (50)

---

## Grúpa III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8.** **Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) Ainmnigh an foirgneamh a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**. (10)
(b) Scríobh tuairisc ar phríomh-airí an fhoirgnimh. (25)
(c) Déan trácht ar ráiteas Richter: " Ní aithneodh éinne cé chomh so-oibrithe is a bhí an plean." (15)

(ii) Sa bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X** léirítear an figiúir lárnach ar pheidiméid theampall Artaimís ag Kerkyra.

(a) Ainmnigh an figiúir sin ar an pheidiméid. (10)
(b) Cén tréimhse i ndealbhadóireacht na Gréige lena mbaineann an figiúir sin? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (20)
(c) Conas mar a chuir an dealbhóir chuige leis na fadhbanna a réiteach a bhain le cruth na peidiméide? (20)

(iii) Dearc ar an bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén t-ainm a tugtar ar shéad-chomhartha dá leithéid sin? (10)
(b) Cá háit a tógtaí iad? (10)
(c) Ainmnigh an figiúir ar barr. (10)
(d) Cén tréimhse i ndealbhadóireacht na Gréige lena mbaineann sé? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (20)

(iv) Sa bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X** léirítear dealbh Apolló Sauroktonos.

(a) Ainmnigh an dealbhóir a rinne an dealbh. (10)
(b) Cén tréimhse i ndealbhadóireacht na Gréige lena mbaineann sé? (10)
(c) Déan trácht ar an dreach sa aghaidh **agus** ar ghothaí fhigiúir an dé. (30)

---

**Topaic 9.** **An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) Cén fáth nach gceadaíonn Platón, sa chóras oideachais sa stát idéalach, na sean-scéalta maidir leis na déithe? (25)

(b) Cén fáth go gcoscann sé fosta an-chuid des na scéalta faoi laochra na sean-Ghréige? (25)

(ii) (a) Déan trácht ar shamhlaoid a chum Sócraitéas den "ainmhí mór comhachtach." (40)

(b) Céard is brí dar leatsa leis an tsamhlaoid sin? (10)

(iii) (a) Dar le Sócraitéas, conas mar a thagann an comhluadar daonna ar an saol? (30)

(b) Dar le Sócraitéas, conas mara fhásann an comhluadar cianach sin chun bheith ina stát sibhialta? (20)

(iv) (a) Cé hiad na rialacha dos na Rialtóirí leagtha síos ag Platón maidir le Tithíocht agus le Bia? (25)

(b) Cén dearcadh atá aige ar Mhaoin Phríobháideach a bheith ina seilbh ag na Rialtóirí? (15)

(c) Cén fáth go leagann sé béim ar na rialacha seo? (10)

---

**Topaic 10.** **Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) Ainmnigh an foirgneamh atá á léiriú sa bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Cén fheidhm a bhí ag a leithéid d'fhoirgneamh? (10)

(c) Tabhair cuntas ar an fhoirgneamh, ag trácht ach go háirithe ar an tábhacht a bhaineann le húsáid na háirse. (30)

(ii) Dearc ar an phictiúr sa bh**Fótagraf F** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén eachtra a dhéantar a cheiliúradh sa phictiúr? (10)

(b) Tabhair cuntas ar an phictiúr. (30)

(c) Déan trácht ar úsáid na ndathanna sa phictiúr. (10)

(iii) Sa bh**Fótagraf G** ar **Pháipéar X** léirítear rilíf ar Áirse Thíotais.

(a) Cén eachtra a dhéantar a cheiliúradh sa rilíf? (10)

(b) Mínigh céard is brí le rilíf 'ard' agus le rilíf 'íseal'. (15)

(c) Conas mar a thugann an t-ealaíontóir stádas agus tábhacht níos mó don impire, seachas mar atá ag na figiúirí eile sa rilíf? (25)

(iv) Sa bh**Fótagraf H** ar **Pháipéar X** léirítear an plean a bhí sa Bhaisleach ag Pompeii.

(a) Cén fheidhm a ghabh leis na baisleacha ins na bailte Rómhánacha? (15)

(b) Cá háit a mbíodh na baisleacha suite i mbaile Rómhánach, de ghnáth? (10)

(c) Dearc ar an phlean atá léirithe agus scríobh cuntas maidir leis an bhaisleach seo. (25)